



NA HACHTANNA UM STÁDAS COMHIONANN 2000–2018

Treoir faoi do chearta má dhéantar
idirdealú ort nuair atá earraí nó
seirbhísí á rochtain



NA HACHTANNA UM STÁDAS COMHIONANN 2000–2018

Treoir faoi do chearta má
dhéantar idirdhealú ort nuair atá
earraí nó seirbhísí á rochtain

Arna foilsiú ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus
Comhionannas.

An 2ú heagrán, Deireadh Fómhair 2020.

Cóipcheart © Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus
Comhionannas 2020

Bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
faoi reacht ar an 1 Samhain 2014 chun cearta an duine agus an comhionannas
in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn, chun cultúr measa ar chearta an
duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha a chur chun
cinn, chun tuiscint agus feasacht ar thábhacht chearta an duine agus an
chomhionannais a chur chun cinn, agus chun oibriú i dtreo mí-úsáidí chearta
an duine agus idirdhealú a dhíbirt.

AN CLÁR

An Réamhrá	4
Forléargas ar na hAchtanna	6
Raon feidhme na nAchtanna um Stádas Comhionann.....	7
Forais idirdhealaitheacha.....	9
Cineálacha idirdhealaithe.....	12
Gnéaschiapadh agus ciapadh.....	14
Míchumas: Freastal Réasúnta.....	16
Gníomhaíocht dhearfach.....	17
Dliteanas ionadach.....	18
Fógraíocht idirdhealaitheach.....	18
Earraí agus Seirbhísí	19
Céard air a bhfuil cosc?.....	20
Céard is seirbhís ann?.....	20
Díolúintí faoi na hAchtanna i gcás earraí agus seirbhísí a sholáthar.....	21
Cóiríocht	24
Céard air a bhfuil cosc?.....	25
Díolúintí faoi na hAchtanna i gcás cóiríochta.....	26
Forais Oideachais	28
Céard air a bhfuil cosc?.....	29
Céard is foras oideachais ann?.....	29
Díolúintí faoi na hAchtanna i gcás forais oideachais.....	30
Clubanna Idirdehalaitheacha	34
Céard is club idirdhealaitheach ann?.....	35
Céard atá ceadaithe?.....	36
Forfheidhmiú: Clubanna idirdhealaitheacha.....	37
Áitreabh Ceadúnaithe	38
Díolúintí	40
Éileamh a Dhéanamh	43
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	49

An Réamhrá

AN RÉAMHRÁ

Bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) an 1 Samhain 2014 mar an comhlacht neamhspleách reachtúil chun cearta an duine agus an comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn in Éirinn. Tá ról sonrach againn chun an t-idirdhealú a chomhrac agus comhdheiseanna a chur chun cinn sna réimsí a chumhdaítear sna hAchtanna um Stádas Comhionann. Tá ról againn freisin eolas a chur ar fáil faoi na hAchtanna.

Mínítear príomhghnéithe na nAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2018 ('na hAchtanna') sa leabhrán eolais seo. Tá sé d'aidhm ag na hAchtanna seo daoine a chosaint ar chineálacha áirithe idirdhealaithe, ciaptha agus gnéaschiaptha a d'fhéadfadh tarlú ó lá go lá. Tá treoir céim ar chéim sa leabhrán seo freisin faoin gcaoi le do chearta a éileamh faoi na hAchtanna, má chreideann tú go ndearnadh idirdhealú ort.

Leagtar amach príomhghnéithe na nAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2018 ('na hAchtanna') sa leabhrán seo, chun críocha eolais. Ní cáipéis dlí í.

Forléargas ar na hAchtanna

RAON FEIDHME NA N-ACHTANNA UM STÁDAS COMHIONANN

Sainmhíniú ar na hAchtanna um Stádas Comhionann

Déanann na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2018 ('na hAchtanna'):

- comhionannas a chur chun cinn;
- cosc a chur ar chineálacha áirithe idirdhealaithe (le roinnt díolúintí) i raon forais shonraithe;
- cosc a chur ar ghnéaschiapadh agus ciapadh i raon forais shonraithe;
- cosc a chur ar íospairt;
- freastal réasúnta a éileamh ar dhaoine faoi mhíchumas;
- raon leathan bearta gníomhaíochta dearfaí a cheadú.

Cuireann na hAchtanna an dá Threoir seo a leanas ón Aontas Eorpach i bhfeidhm freisin: an Treoir maidir le Cine¹ agus an Treoir maidir le Comhionannas Inscne maidir le Rochtain ar Earraí agus Seirbhísí².

1. Treoir 2000/43/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan spleáchas do thionscnamh ciníoch nó eitneach.

2. Treoir 2004/113/CE ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus maidir le soláthar earraí agus seirbhísí.

Tá na hAchtanna i bhfeidhm ar dhaoine:

- a cheannaíonn agus a dhíolann raon leathan earraí;
- a úsáideann nó a chuireann réimse leathan seirbhísí ar fáil;
- a fhaigheann nó a chuireann cóiríocht ar fáil;
- a fhreastalaíonn ar fhoras oideachais nó atá i gceannas ar a leithéid.

Tá forálacha ar leith ag baint le clubanna idirdhealaitheacha agus áitribh cheadúnaithe (féach ar leathanach 34).

Má tá eolas níos mionsonraithe uait faoi na hAchtanna, is féidir cóip den reachtaíocht iomlán a fháil ar líne ar www.ihrec.ie nó www.irishstatutebook.ie.

Ní bhaineann na hAchtanna um Stádas Comhionann le hidirdhealú san ionad oibre – tá Achtanna um Chomhionannas Fostaíochta ar leith i bhfeidhm dó sin agus tá leabhrán eolais eile a bhaineann le hidirdhealú i gcúrsaí fostaíochta ar fáil ar www.ihrec.ie.

FORAIS IDIRDHEALAITHEACHA

Cuireann na hAchtanna cosc ar idirdhealú ar fhorais shonracha.

Go hiondúil, tarlaíonn idirdhealú nuair a dhéileáiltear le duine le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear le duine eile i gcás cosúil leis, mar go bhfuil siad difriúil ar cheann de na forais seo a leanas:

An **'foras inscne'** – Tarlaíonn idirdhealú ar an bhforas inscne nuair a dhéileáiltear le duine le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear le duine eile, mar gur fear é duine acu agus gur bean í an duine eile.

Faoi dhlí an Aontais Eorpaigh, cosnaítear duine trasghnéasach a fhulaingíonn idirdhealú mar gheall ar a athshannadh inscne, nó aistriú, faoin bhforas inscne.

An **'foras stádais shibhialta'** – Tarlaíonn idirdhealú ar an bhforas stádais shibhialta nuair a dhéileáiltear le duine le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear le duine eile, mar nach ionann stádas sibhialta dóibh.

Sainmhínítear 'stádas sibhialta' mar dhuine singil, pósta, scartha nó colscartha, ina bhaintreach, i bpáirtnéireacht shibhialta, nó a bhíodh ina pháirtí singil i bpáirtnéireacht shibhialta a chríochnaigh mar gheall ar bhás nó a díscáileadh.

An **'foras stádais teaghlaigh'** – Tarlaíonn idirdhealú ar an bhforas stádais teaghlaigh nuair a dhéileáiltear le duine le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear le duine eile, mar go bhfuil stádas teaghlaigh ag duine amháin acu agus nach bhfuil ag an duine eile nó nach ionann an stádas teaghlaigh atá acu. Ciallaíonn 'stádas teaghlaigh' a bheith ag iompar clainne nó freagracht mar thuismitheoir nó duine in loco parentis do dhuine faoi bhun 18 mbliana d'aois nó freagracht mar thuismitheoir nó príomhchúramóir cónaithe duine atá 18 mbliana d'aois nó níos sine atá faoi mhíchumas agus a dteastaíonn cúram nó tacaíocht uaidh.

An **'foras gnéaschlaonta'** – Tarlaíonn idirdhealú ar an bhforas gnéaschlaonta nuair a dhéileáiltear le duine le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear le duine eile, mar nach ionann gnéaschlaonadh dóibh. Sainmhínítear 'gnéaschlaonadh' mar chlaonadh heitrichnéasach, déghnéasach nó homaighnéasach.

An **'foras creidimh'** – Tarlaíonn idirdhealú ar an bhforas creidimh nuair a dhéileáiltear le duine le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear le duine eile, mar nach ionann an creideamh, cúlra nó dearcadh reiligiúnach atá ag duine acu agus atá ag an duine eile, nó go bhfuil creideamh, cúlra nó dearcadh reiligiúnach ag duine acu agus nach bhfuil ag an duine eile.

An **'foras aoise'** – Tarlaíonn idirdhealú ar an bhforas aoise nuair a dhéileáiltear le duine le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear le duine eile, mar nach ionann aois dóibh. Tá 'aois' i bhfeidhm ar dhaoine os cionn 18 mbliana d'aois, seachas i soláthar árachais cairr do thiománaithe ceadúnaithe faoi bhun 18 mbliana d'aois.

An **'foras míchumais'** – Tarlaíonn idirdhealú ar an bhforas míchumais nuair a dhéileáiltear le duine le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear le duine eile, mar gur duine faoi mhíchumas duine acu agus nach amhlaidh don duine eile nó gur duine atá faoi mhíchumas eile é an duine eile. Sainmhínítear 'míchumas' go leathan mar riochtaí fisiciúla, intleachtúla, foghlama, cognaíochta, mothúchána nó leighis.

An **'foras cine'** – Tarlaíonn idirdhealú ar an bhforas cine nuair a dhéileáiltear le duine le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear le duine eile, mar nach ionann cine, dath, náisiúntacht nó bunadh eitneach nó náisiúnta dóibh.

An **'foras Lucht Siúil'** – Tarlaíonn idirdhealú ar an bhforas lucht siúil nuair a dhéileáiltear le duine le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear le duine eile, mar gur duine den Lucht Siúil duine acu agus nach amhlaidh don duine eile.

Ciallaíonn 'duine den Lucht Siúil' duine de phobal daoine ar a dtugtar an Lucht Siúil go coitianta agus a shaináiltear (acu féin agus ag daoine eile) mar dhaoine ag a bhfuil stair, cultúr agus traidisiúin i bpáirt, lena n-áirítear, go stairiúil, saol fánaíochta ar oileán na hÉireann.

An **'foras cúnamh tithíochta'** – Tarlaíonn idirdhealú ar an bhforas cúnamh tithíochta nuair a dhéileáiltear le duine le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear le duine eile, mar go bhfuil duine amháin ag fáil forlónadh cíosa, cúnamh tithíochta nó aon íocaíocht leasa shóisialaigh agus nach bhfuil an duine eile.

Tá cosaint ar idirdhealú ar an bhforas cúnamh tithíochta i bhfeidhm i gcás na cóiríochta amháin, agus ní bhaineann sé le soláthar earraí ná seirbhísí, forais oideachais ná clubanna faoi na hAchtanna.

An **'foras íospartha'** – Tarlaíonn idirdhealú ar an bhforas íospartha nuair a dhéileáiltear le duine le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear le duine eile, mar go bhfuil duine acu tar éis iarratas a dhéanamh ar shásamh, tar éis freastal mar fhinné, tar éis cur i gcoinne gnímh atá neamhdhleathach faoi na hAchtanna, tar éis fógra a thabhairt faoi é a bheith beartaithe aon cheann de na gníomhartha sin a dhéanamh, agus nach bhfuil an duine eile tar éis déanamh amhlaidh.

CINEÁLACHA IDIRDHEALAITHE

Tá cosc ar chineálacha difriúla idirdhealaithe faoi na hAchtanna, ina measc:

Idirdhealú díreach

Sainmhínítear é sin mar dhéileáil le duine le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear le duine eile i gcás inchomparáide, mar nach ionann iad faoi cheann ar bith de na naoi bhforas thuasluaite.

Is difríocht é sin:

- atá ann faoi láthair;
- a bhíodh ann ach nach bhfuil ann a thuilleadh;
- a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo; nó
- a chuirtear i leith an té lena mbaineann (tarlaíonn sé seo nuair a mheastar go bhfuil duine difriúil faoi na forais shonraithe, cé nach fíor é sin).

Idirdhealú trí bhainteacht

Tarlaíonn sé seo nuair a dhéileáiltear le duine a bhaineann le duine eile le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear le duine eile mar go bhfuil an dara duine difriúil faoi cheann de na forais shonraithe.

Idirdhealú indíreach

Tarlaíonn sé seo nuair is cosúil nach bhfuil foráil, critéar nó cleachtas achrannach ar dtús, ach go gcuirtear duine atá difriúil faoi cheann de na forais shonraithe faoi mhíbhuntáiste ar leith, i gcomparáid le duine eile, mar sin féin.

Ní hionann an fhoráil, an critéar nó an cleachtas sin agus idirdhealú más féidir a léiriú:

1. go bhfuil údar oibiachtúil lena mbaineann aidhm dhlísteanach leis an bhforáil, critéar nó cleachtas; agus
2. go bhfuil na bealaí chun an aidhm sin a bhaint amach cuí; agus
3. go bhfuil na bealaí chun an aidhm sin a bhaint amach riachtanach.

Idirdhealú a thabhairt chun críche

Is cion é faoi na hAchtanna idirdhealú, ciapadh nó gnéaschiapadh a thabhairt chun críche nó iarracht a dhéanamh duine eile a chur ina mbun.

GNÉASCHIAPADH AGUS CIAPADH

Tá cosc ar ghnéaschiapadh agus ar chiapadh i soláthar earraí agus seirbhísí, cóiríochta agus forais oideachais.

Ní dhéanfaidh duine ('an ciapóir') duine eile ('an t-íospartach') a chiapadh ná a ghnéaschiapadh in aon cheann de na cúinsí seo a leanas:

1. baineann an t-íospartach leas, nó féachann sé le leas a bhaint, as aon earraí nó seirbhísí a sholáthraíonn an ciapóir;
2. faigheann an t-íospartach cóiríocht nó seirbhísí lena mbaineann ón gciapóir nó beartaíonn sé air sin a dhéanamh;
3. is mac léinn é an t-íospartach i bhforas oideachais ina bhfuil post údaráis ag an gciapóir, tá iarratas déanta ag an íospartach ar é a ligean isteach san fhoras oideachais, nó féachann an t-íospartach le leas a bhaint as aon seirbhís a thairgeann an foras oideachais.

Céard is ciapadh agus gnéaschiapadh ann?

Is ionann ciapadh agus aon chineál iompair neamh-inmhianaithe a bhaineann le ceann ar bith de na foráis shonraithe.

Is ionann gnéaschiapadh agus aon chineál iompair ghnéasaigh labhartha, neamhlabhartha nó fhisiciúil neamh-inmhianaithe ar bith.

Sa dá chás, is iompar é a bhfuil de chuspóir nó de thionchar aige go sáraítear dínit duine agus go gcruthaítear timpeallacht bhagrach, dhoicheadh, mhaslach, náireach nó ghránna don duine.

Sa dá chás, d'fhéadfadh go mbeadh gníomhartha, iarratais, focail labhartha nó gothaí i gceist leis an iompar neamh-inmhianaithe, chomh maith le focail scríofa, ríomhphoist agus na meáin shóisialta, teachtaireachtaí téacs, pictiúir nó ábhar eile a tháirgeadh, a thaispeáint nó a scaipeadh.

Ní fhéadfaidh aon duine eile leas a bhaint as diúltú duine do gnéaschiapadh nó ciapadh eile, ná glacadh duine le gnéaschiapadh nó ciapadh eile, mar bhunús do chinneadh a rachaidh i gcion ar an duine sin.

Cé hé an duine freagrach?

Aon duine atá freagrach as oibriú aon áite ar foras oideachas é nó ina dtairgtear earraí, saoráidí nó seirbhísí don phobal nó aon duine a sholáthraíonn cóiríocht, sainítear an duine sin mar 'dhuine freagrach'.

Caithfidh an 'duine freagrach' a chinntiú nach ndéantar gnéaschiapadh ná ciapadh eile ar aon duine a bhfuil de cheart aige a bheith ansin.

Is cosaint é don duine freagrach a chruthú gur ghlac sé bearta 'is indéanta go réasúnach' chun cosc a chur le gnéaschiapadh nó ciapadh.

MÍCHUMAS: FREASTAL RÉASÚNTA

Cuimsíonn idirdhealú diúltú nó mainneachtain ag soláthraí seirbhíse gach ní réasúnach a dhéanamh chun freastal ar riachtanais duine atá faoi mhíchumas trí chóir nó saoráidí speisialta a sholáthar, más rud é, d'uireasa na córa nó na saoráidí speisialta sin, nárbh fhéidir leis an duine féin nó gur rídheacair don duine féin leas a bhaint as an tseirbhís.

Ní mór do na soláthróirí seirbhíse seo a leanas gach ní réasúnach a dhéanamh chun freastal ar riachtanais duine atá faoi mhíchumas:

- duine a dhíolann earraí nó a sholáthraíonn seirbhísí;
- duine a dhíolann cóiríocht nó a scaoileann cóiríocht ar cíos nó a sholáthraíonn cóiríocht;
- forais oideachais;
- clubanna.

Áirítear leis sin cóir nó saoráidí speisialta a sholáthar, más rud é, d'uireasa na córa nó na saoráidí speisialta sin, nárbh fhéidir leis an duine féin nó gur rídheacair don duine féin leas a bhaint as na hearraí, an tseirbhís, an chóiríocht, srl. Ach níl dualgas orthu saoráidí speisialta a chur ar fáil ná déileáil le duine go speisialta dá gcosnódh sé sin níos mó ná 'an costas ainmniúil'.

Braithfidh an costas ainmniúil ar na cúinsí lena mbaineann, ar nós mhéid agus acmhainní an chomhlachta atá i gceist. Má chuireann an Stát deontais nó áiseanna ar fáil chun cabhrú le déileáil go speisialta le duine nó saoráidí speisialta a sholáthar, d'fhéadfadh go bhfuil dualgas ar na soláthróirí seirbhíse srl. leas a bhaint as na deontais sin.

Má tá míchumas ar dhuine a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don duine féin nó do dhaoine eile, ní idirdhealú déileáil leis an duine ar bhealach difriúil a mhéid is gá go réasúnach chun an dochar sin a chosc.

GNÍOMHAÍOCHT DHEARFACH

Ceadaítear bearta dearfacha (nó cóir fhabhrach) faoi na hAchtanna, a bhfuil sé beartaithe ar bhonn *bona fide* ina leith:

- comhionannas deiseanna a chur chun cinn; do dhaoine atá faoi mhíbhuntáiste
- freastal do riachtanais speisialta daoine, nó earnála daoine, a mbeidh de dhíth orthu, mar gheall ar a n-imthosca, saoráidí, socruithe, seirbhísí nó cúnamh.

Anuas air sin, ceadaítear faoi na hAchtanna go ngearrfaí táille, muirear nó ráta fabhrach réasúnach i leith aon ní a thairgtear nó a sholáthraítear do theaghlach, do lánúineacha pósta, do dhaoine níos sine nó níos óige, nó do dhaoine atá faoi mhíchumas.

DLITEANAS IONADACH

Tá fostóirí freagrach as gníomhartha idirdhealaithe fostaí i rith na fostaíochta.

Ní cosaint é go ndearnadh an gníomh i ngan fhios don fhostóir nó gan a chead murar féidir leis an bhfostóir a chruthú go ndearna sé bearta is indéanta go réasúnach chun an t-iompar a chosc.

Is cosaint é más féidir leis an bhfostóir a léiriú go ndearnadh bearta is indéanta go réasúnach chun an fostaí a chosc ar an méid sin a dhéanamh, nó gníomhartha dá leithéid.

Aon ní a dhéanfaidh duine mar ghníomhaire do dhuine eile, le húdarás (cibé acu sainráite nó intuigthe) ón duine eile sin, pléifear leis mar ní a rinne an duine eile sin freisin.

FÓGRAÍOCHT IDIRDHEALAITHEACH

Tá cosc ar fhógra a fhoilsiú, a thaispeáint, nó a chur faoi deara go bhfoirseofaí nó go dtaispeánfaí fógra, a chuireann in iúl go mbeartaítear idirdhealú a dhéanamh nó go bhféadfaí a thuiscint le réasún uaidh go bhfuil sé sin beartaithe.

Tá sé de chumhacht ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas gearán faoi fhógraíocht idirdhealaitheach a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre lena bhreithniú.

Is comhlacht gar-bhreithiúnach é an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre a bunaíodh chun líomhaintí faoi idirdhealú a fhiosrú, a idirghabháil, a éisteacht agus a chinneadh.

Earraí agus Seirbhísí

CÉARD AIR A BHFUIL COSC?

Ní féidir le daoine idirdhealú a dhéanamh (faoi réir díolúintí áirithe):

- nuair atá siad ag soláthar earraí agus seirbhísí don phobal, nó do chuid den phobal);
- bídis saor in aisce nó bíodh na hearraí agus seirbhísí á ndíol, ar fruiliú, ar cíós nó á malartú; nó
- nuair atá siad ag cur rochtain agus úsáid áite nó saoráide ar fáil.

CÉARD IS SEIRBHÍS ANN?

Is ionann seirbhís agus saoráid nó seirbhís (d'aon chineál), lena n-áirítear saoráidí le haghaidh:

- baincéireacht, árachas, deontais, iasachtaí, creidmheas nó maoiniú;
- siamsaíocht, áineas nó úrúchán;
- gníomhaíochtaí cultúir;
- iompar nó taisteal;
- seirbhís nó áis a sholáthraíonn club (a bhíonn ar fáil don phobal nó do chuid den phobal);
- seirbhís ghairmiúil nó trádála; agus
- seirbhísí poiblí a chuireann an Stát ar fáil (mar shampla Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, údaráis áitiúla, srl.)

Níl an liosta seo uileghabhálach. Tá dearcadh leathan ar a bhfuil i gceist le seirbhís sna hAchtanna.

DÍOLÚINTÍ FAOI NA HACHTANNA I GCÁS EARRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ A SHOLÁTHAR

Ceadaíonn na hAchtanna difríocht sa chaoi a ndéileáiltear le daoine i gcúinsí áirithe.

Díolúintí ar an 'bhforas inscne'

Seirbhísí aeistéitiúla/cosmaideacha

Ní idirdhealú faoi na hAchtanna é difríocht sa chaoi a ndéileáiltear le duine ar an bhforas inscne nuair atá seirbhísí aeistéitiúla, cosmaideacha nó a leithéid á gcur ar fáil ina dteastaíonn teagmháil fhísiciúil idir an soláthróir agus an faighteoir.

Aiféaltas nó príobháideachas

Ní idirdhealú faoi na hAchtanna é difríocht sa chaoi a ndéileáiltear le duine amháin i gcomparáid le duine eile ar an bhforas inscne i gcás gur féidir a bheith ag súil leis go réasúnach go mbeadh aiféaltas nó sárú ar phríobháideacht ina thoradh ar dhuine d'inscne eile a bheith i láthair.

Díolúine ar an 'bhforas creidimh'

Ceadaíonn na hAchtanna soláthar earraí agus seirbhísí chun críocha creidimh.

Díolúine ar an 'bhforas aoise'

Ceadaíonn na hAchtanna ceanglais aoise do dhuine atá ag iarraidh a bheith ina thuismitheoir uchtála nó altrama. Ach ní mór don cheanglas aoise a bheith réasúnach ag féachaint do riachtanais an linbh nó na leanaí lena mbaineann.

Díolúintí ar chúpla foras in éindí

Imeachtaí spóirt

Ceadaítear difríochtaí sa chaoi a ndéileáiltear le daoine ar an bhforas inscne, aoise nó míchumais nó ar bhonn náisiúntachta i ndáil le soláthar nó eagrú saoráide spóirt nó imeachta spóirt a mhéid:

- atá gá go réasúnach leis na difríochtaí ag féachaint do chineál na saoráide nó an imeachta; agus
- atá siad ábhartha i leith chuspóir na saoráide nó an imeachta.

Drámaíocht agus siamsaíocht

Ceadaítear difríochtaí sa chaoi a ndéileáiltear le daoine ar an bhforas inscne, aoise, míchumais cine i dtaca le taibhiú drámaíochta nó siamsaíocht eile, má theastaíonn an difríocht go réasúnach ar chúiseanna fire, aeistéitice, traidisiúin nó nóis.

Díolúintí ar gach foras, seachas an foras inscne

Ceadaítear difríochtaí sa chaoi a ndéileáiltear le daoine ar aon fhoras, seachas an foras inscne, i ndáil le blianachtaí, pinsin, polasaithe árachais nó aon nithe eile a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar bhaol más rud é, maidir leis an déileáil go ndéantar í faoi threoir:

- sonraí achtúireacha nó staidrimh, nó tosca frithgheallta nó tráchtála ábhartha eile; agus
- go bhfuil sí réasúnach ag féachaint do na sonraí nó do thosca iomchuí eile.

Díolúintí ar gach foras

Uachtanna/bronntanais

Níl feidhm ag na hAchtanna nuair atá earraí á dtabhairt le huacht nó mar bhronntanas.

Riachtanas speisialaithe

Ceadaíonn na hAchtanna difríochtaí sa chaoi a ndéileáiltear le daoine más féidir a mheas go réasúnach gur earraí nó seirbhísí iad nach n-oireann ach do riachtanais daoine áirithe.

Cóiríocht

CÉARD AIR A BHFUIL COSC?

Is é an riail ghinearálta nach féidir idirdhealú a dhéanamh ar na forais shonraithe maidir le:

- aon eastát a dhiúscairt;
- tionóntacht a fhoirceannadh;
- cóiríocht, nó aon seirbhísí nó taitneamhachtaí a bhaineann le cóiríocht a sholáthar; nó
- scor de chóiríocht a sholáthar.

Caithfidh an t-áitreabh nó an chóiríocht a bheith ar fáil don phobal i gcoitinne nó do chuid den phobal.

DÍOLÚINTÍ FAOI NA HACHTANNA I GCÁS CÓIRÍOCHTA

Ceadaíonn na hAchtanna difríochtaí sa chaoi a ndéileáiltear le daoine i gcúinsí áirithe:

Díolúine faoin bhforas inscne

Ní idirdhealú é faoi na hAchtanna cóiríocht a sholáthar do dhaoine d'inscne amháin i gcás gur féidir a bheith ag súil leis go réasúnach go mbeadh aiféaltas nó sárú ar phríobháideacht ina thoradh ar dhuine d'inscne eile a bheith i láthair.

Díolúine faoin bhforas cúnamh tithíochta

Ní idirdhealú é faoi na hAchtanna go mbeadh sé ina choinníoll ag tiarna talún don soláthar cóiríochta go n-íoctar forlíonadh cíosa go díreach leis an tiarna.

Díolúintí ar chúpla foras in éindí

Féadfaidh údaráis tithíochta agus an tAire Dlí agus Cirt, i ndáil le soláthar cóiríochta tithíochta, déileáil ar bhealach difriúil le daoine, bunaithe ar mhéid an teaghlaigh, stádas teaghlaigh, stádas sibhialta, míchumas, aois nó toisc gur den Lucht Siúil iad.

Anuas air sin, féadfaidh an tAire Dlí agus Cirt déileáil ar bhealach difriúil le daoine (i ndáil le soláthar cóiríochta tithíochta) ar bhonn náisiúntachta agus inscne.

Díolúintí le haghaidh catagóirí áirithe daoine

Ní idirdhealú é faoi na hAchtanna aon áitreabh nó cóiríocht a bheith in áirithe le húsáid ag daoine atá i gcatagóir áirithe daoine, ina measc:

- chun críocha creidimh;
- dídeanaithe;
- tithe altranais;
- tithe scoir;
- tithe do dhaoine faoi mhíchumas; nó
- brú do dhaoine gan chónaí nó chun críche dá samhail.

Díolúintí ar gach foras

Dlí a rialaíonn soláthar cóiríochta

Níl difríochtaí sa chaoi a ndéileáiltear le daoine neamhdhleathach i gcás cóiríochta, nó taitneamhachtaí a bhaineann le cóiríocht, a sholáthar sa chás go n-éilítear an difríocht sa dlí a rialaíonn soláthar cóiríochta.

Uachtanna/bronntanais

Níl feidhm ag na hAchtanna nuair atá maoin á tabhairt le huacht nó mar bhronntanas.

Áit chónaithe duine

Níl feidhm ag na hAchtanna nuair atá seomra ar cíos ag duine ina áit chónaithe (seachas cuid ghlanscartha ar leithligh) sa chás go dtéann soláthar na cóiríochta i gcion ar shaol príobháideach nó teaghlaigh an duine nó ar shaol príobháideach nó teaghlaigh aon duine eile a chónaíonn ansin freisin.

Forais Oideachais

CÉARD AIR A BHFUIL COSC?

Ní dhéanfaidh foras oideachais idirdhealú i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- duine a ligean isteach mar mhac léinn nó na téarmaí nó na coinníollacha a bhaineann le duine a ligean isteach mar mhac léinn;
- rochtain mic léinn ar aon chúrsa, saoráid nó sochar;
- aon téarma nó coinníoll eile a bhaineann le rannpháirtíocht; nó
- díbirt mic léinn nó aon smachtbhanna eile i gcoinne an mhic léinn.

CÉARD IS FORAS OIDEACHAIS ANN?

Áiríonn forais oideachais seirbhísí réamhscoile, bunscoileanna nó iar-bhunscoileanna, institiúidí a sholáthraíonn oideachas aosach, oideachas leanúnach nó breisoideachas, agus institiúidí ollscoile nó aon institiúidí tríú leibhéal eile.

Áirítear leo idir fhorais oideachais phoiblí agus fhorais oideachais phríobháideacha

DÍOLÚINTÍ FAOI NA HACHTANNA I NDÁIL LE FORAIS OIDEACHAIS

Diólúine ar an bhforas inscne atá i bhfeidhm i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna

Ceadaítear bunscoileanna agus meánscoileanna aonghnéis.

Diólúintí ar an bhforas creidimh atá i bhfeidhm i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna

Scoileanna príobháideacha nach bhfaigheann tacaíocht ná maoiniú stáit

I gcás bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna nach bhfaigheann aon tacaíocht ná maoiniú stáit agus gurb é cuspóir na scoile oideachas a sholáthar i dtimpeallacht a chuireann luachanna áirithe chun cinn, féadfaidh sí daoine de shainaicme áirithe creidimh a ligean isteach de rogha ar dhaoine eile.

Creidimh mhionlaigh

Is ionann creideamh mionlaigh agus creideamh a chuimsíonn níos lú ná 10% den daonra iomlán.

Ní fhéadfaidh bunscoileanna a fhaigheann aon chineál tacaíochta nó maoinithe ón stát daoine de shainaicme áirithe creidimh a ligean isteach de rogha ar dhaoine eile.

Ach má chláraíonn an iomarca daltaí, féadfaidh bunscoileanna, i ndiaidh iarratas a fháil ó dhalta ó chreideamh mionlaigh, tús áite a thabhairt don dalta sin más deimhin leis an scoil gur ball den chreideamh mionlaigh an dalta agus go gcuireann an scoile clár oideachais/teagaisc creidimh ar fáil ar ionann é agus an creideamh mionlaigh sin nó atá cosúil leis.

Diúltú bunscoile nó iar-bhunscoile bunaithe ar éiteas creidimh

I gcás bunscoileanna nó iar-bhunscoileanna, arb é cuspóir na scoile oideachas a sholáthar i dtimpeallacht a chuireann luachanna áirithe creidimh chun cinn, ní fhéadfaidh sí scoláire nach den tsainaicme creidimh sin é a dhiúltú seachas más féidir leis an scoil a chruthú go bhfuil an diúltú riachtanach chun éiteas na scoile a chothú.

Diólúine ar an bhforas aoise atá i bhfeidhm ar ollscoileanna, oideachas tríú leibhéal nó ardleibhéal nó aosach

Ceadaíonn na hAchtanna difríochtaí sa chaoi a ndéileálann ollscoileanna agus institiúidí tríú leibhéal eile le mic léinn aibí le linn ionaid a leithroinnt.

Diólúine ar an bhforas cine (náisiúntachta) atá i bhfeidhm ar ollscoileanna, oideachas tríú leibhéal nó ardleibhéal nó aosach

Táillí iontrála, freastal agus leithroinnt ionad

Ceadaíonn na hAchtanna difríochtaí sa chaoi a ndéileálann ollscoileanna agus institiúidí ardleibhéal eile le saoránaigh Éireannacha agus náisiúnaigh LEE i gcomparáid le daoine nach saoránaigh Éireannacha ná náisiúnaigh LEE iad maidir le táillí iontrála, freastal agus leithroinnt ionad.

Critéir chun deontais a fháil

Ceadaíonn na hAchtanna difríochtaí sa chaoi a ndéileálann an tAire Oideachais agus Eolaíochta le saoránaigh Éireannacha agus náisiúnaigh LEE i gcomparáid le daoine nach saoránaigh Éireannacha ná náisiúnaigh LEE iad maidir le deontais oideachais a fháil chun cabhrú le daoine ar mian leo freastal ar ollscoileanna, institiúidí tríú leibhéal agus oideachas aosach eile.

Díolúintí ginearálta a bhaineann le hollscoileanna, institiúidí tríú leibhéal nó institiúidí oideachais aosach

Scoláireachtaí agus cúnamh eile

Ceadaíonn na hAchtanna d'ollscoileanna, nó institiúidí ardleibhéil, cúnamh a thairg do chatagóirí áirithe daoine trí urraíochtaí, scoláireachtaí, sparánachtaí nó dámhachtainí eile, ar cúnamh é atá inchosanta le réasún ag féachaint do chúinsí traidisiúin agus staire.

Malartuithe eachtracha

I ndáil le hionaid a leithroinnt, féadfaidh ollscoileanna nó institiúidí ardleibhéil eile mic léinn faoi leith a roghnú chun páirt a ghlacadh i malartuithe le hollscoileanna lasmuigh den dlíne.

Díolúintí ar an bhforas inscne, aoise nó míchumais


Ceadaítear difríochtaí sa chaoi a ndéileáiltear le daoine ar an bhforas inscne, aoise nó míchumais i ndáil le soláthar nó eagrú saoraidí spóirt nó imeachtaí spóirt, a mhéid atá gá go réasúnach leis na difríochtaí ag féachaint do chineál na saoraidí nó na n-imeachtaí.

Díolúine ar an bhforas inscne agus creidimh

Féadfaidh institiúidí a sholáthraíonn oiliúint chreidimh do mhinistí creidimh faoi leith ionad a thabhairt do mhic léinn d'inscne amháin nó de chreideamh amháin.

Díolúintí ar an bhforas míchumais

Ceadaítear difríochtaí sa chaoi a ndéileáiltear le daoine ar an bhforas míchumais a mhéid a d'fhágfaidh comhlíonadh aon cheann dá fhorálacha i ndáil le mac léinn atá faoi mhíchumas, de bhua an mhíchumais, nárbh fhéidir leis an bhforas oideachais a sheirbhísí a sholáthar do mhic léinn eile, nó a mhéid a bheadh éifeacht thromaí chun dochair ag comhlíonadh den sórt sin ar an soláthar sin.



Clubanna Idirdhealaitheacha

CÉARD IS CLUB IDIRDHEALAITHEACH ANN?

Tagraíonn na forálacha sonracha a bhaineann le clubanna do chomhlachtaí a bhfuil iarratas déanta acu ar dheimhniú cláraithe, nó a shealbhaíonn deimhniú cláraithe, faoi Achtanna Clárú na gClubanna, 1904 go 2008. Ceadáíonn an clárú seo do chlubanna alcól a dhíol le comhaltaí agus le cuairteoirí áirithe. Murab ionann agus na forálacha maidir le hearraí agus le seirbhísí, ní chuireann na hAchtanna bac iomlán ar idirdhealú.

Níl clubanna nach bhfuil ceadúnas acu chun alcól a dhíol faoi réir na nAchtanna ach sa mhéid go gcuireann siad earraí agus seirbhísí ar fáil don phobal nó do chuid den phobal, agus ní do chomhaltaí amháin.

Go ginearálta, measfar gur club idirdhealaitheach club más rud é:

1. go bhfuil riail, beartas nó cleachtas aige lena ndéantar idirdhealú i gcoinne comhalta nó iarratasóra ar aon cheann de na forais idirdhealaitheacha; nó
2. go ndéanann duine atá ag gabháil do bhainistiú an chlub idirdhealú i gcoinne comhalta nó iarratasóra i ndáil le gnóthaí an chlub. Áirítear leis sin ceisteanna maidir le hiontráil, téarmaí agus coinníollacha comhaltais, deireadh a chur le comhaltas agus freastal réasúnta ar chomhaltaí faoi mhíchumas (faoi réir dhíolúine an chostais ainmniúil).

CÉARD ATÁ CEADAITHE?

Faoi na hAchtanna, ní idirdhealú é:

- (a) más do ghrúpa áirithe daoine an club (mar shampla, grúpa sonracha faoi aon cheann de na forais) agus go ndiúltaíonn sé comhaltas do dhaoine eile.
- (b) má choinníonn an club sochar nó pribhléidí do chomhaltaí ar an bhforas aoise agus inscne nuair nach bhfuil sé indéanta go mbainfidh siad siúd atá lasmuigh den chatagóir tairbhe as an sochar nó an pribhléid i gcomhthráth le comhaltaí atá laistigh den chatagóir. Caithfidh na clubanna socruithe a dhéanamh lena dtairgtear an sochar céanna nó an pribhléid chéanna, nó sochar nó pribhléid atá coibhéiseach go réasúnach, do chomhaltaí atá lasmuigh den chatagóir.
- (c) má tá cineálacha éagsúla comhaltais ag an gclub, agus nach bhfuil rochtain orthu bunaithe ar fhoras idirdhealaitheach sonracha ar bith.
- (d) má dhéanann an club iarracht idirdhealú roimhe sin a dhíbirt trí rátaí, táillí, socruithe comhaltais, srl., ar lascaine mhór a thairiscint, nó má dhéanann sé bearta eile arb é an príomhchuspóir atá leo páirteachas níos cothroime ag daoine ar chuir riail idirdhealaithe roimhe sin isteach orthu nó ar comhaltaí de chatagóir áirithe iad a thabhairt i gcrích i gcúrsaí an chlub.
- (e) murab ionann an chóir a chuirfidh an club ar fáil do chomhaltaí d'inscne, aois, míchumas, náisiúntacht nó bunadh náisiúnta áirithe maidir le cuspóir na saoráidí nó na n-imeachtaí agus go mbeidh gá léi go réasúnach.

FORFHEIDHMIÚ: CLUBANNA IDIRDHEALAITHEACHA

Féadfaidh duine ar bith, Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ina measc, iarratas a dhéanamh leis an gCúirt Dúiche ar dhearbhu gur club idirdhealaitheach é club. Ní dhéanann an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre cinntí faoi éilimh faoi chlubanna idirdhealaitheacha.

Má chinntear gur club idirdhealaitheach é agus gurb é sin an chéad ordú dá leithéid a rinneadh in aghaidh an chlub, féadfaidh an Chúirt Dúiche teastas an chlub chun alcól a dhíol a chur ar fionraí suas le 30 lá. Dá bharr sin, ní féidir leis an gclub deochanna alcólacha a dhíol. Fad a fhanfaidh an dara hordú nó cinntiúchán ina dhiaidh sin in éifeacht lena gcinntear gur club idirdhealaitheach é an club, ní dhéanfar deimhniú cláraithe a dheonú ná a athnuachan.

Foráiltear d'achomharc sa Chúirt Chuarda sna hAchtanna agus féadfaidh club iarratas a dhéanamh leis an gCúirt Dúiche ar dhearbhu an club idirdhealaitheach fós é.

D'fhéadfadh go mbeadh costais le híoc as caingne sa Chúirt Dúiche.

Áitreabh Ceadúnaithe

ÁITREABH CEADÚNAITHE

Pléitear le héilimh ar idirdhealú a tharlaíonn “in áitreabh ceadúnaithe nó ag pointe iontrála áitribh cheadúnaithe” (mar shampla, teach tábhairne, nó bialann; nó aon áit ag a bhfuil ceadúnas chun alcól a dhíol) sa Chúirt Dúiche agus ní leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre. Tá na príomhfhorálacha ábhartha san Acht Deochanna Meisciúla, 2003, arna leasú.

Ach má tharlaíonn an t-éileamh ar idirdhealú in aghaidh áitreabh ceadúnaithe ar an bhfón nó ar ríomhphost (is é sin, mura dtarlaíonn an t-idirdhealú líomhnaithe “in áitreabh ceadúnaithe nó ag pointe iontrála áitribh cheadúnaithe”), caithear an t-éileamh sin a chur chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre seachas chuig an gCúirt Dúiche.

Díolúintí

DÍOLÚINTÍ

Tá cúpla díolúine shuntasach sna hAchtanna a bhaineann le soláthar earraí agus seirbhísí, cóiríocht, forais oideachais agus clubanna.

Ba cheart na díolúintí sin a léamh go sriantach agus níor cheart go gcuirfidís srian míchuí ar an gcosc ginearálta ar idirdhealú.

Gníomh a theastaíonn de réir an dlí nó faoin dlí

Foráiltear le díolúine ghinearálta nach gcuirfidh aon rud sna hAchtanna cosc ar aon ghníomh a dhéanamh a theastaíonn mar gheall ar:

- (a) foráil reachtúil nó ordú cúirte;
- (b) aon ghníomh a dhéanann nó aon bheart a ghlacann an tAontas Eorpach; nó
- (c) aon chonradh idirnáisiúnta a chuireann oibleagáid ar an Stát.

Ní chuimsítear ach gníomhartha éigeantacha. Má tá roinnt discréide sa bheart, tá na forálacha frith-idirdhealaithe i bhfeidhm.

Náisiúnaigh áirithe ó thíortha eile

Ceadaítear difríochtaí sa chaoi a gcaitheann údarais áitiúla le náisiúnaigh áirithe ó thíortha eile, ar bhonn a náisiúntachta, atá lasmuigh den Stát nó sa Stát go neamhdhleathach (chun críocha an Achta Inimisce, 2004) nó de réir aon fhoráil nó coinníoll a rinneadh le nó faoi aon achtachán, agus ag eascairt as iontráil nó cónaí an náisiúnaigh sa Stát.

Baol iompair atá coiriúil nó easordúil

Féadfaidh soláthraí earraí nó seirbhísí, nó duine a sholáthraíonn cóiríocht nó seirbhísí lena mbaineann, seirbhís nó cóiríocht a dhiúltú do dhuine dá dtabharfaí ar dhuine aonair réasúnach, ag a mbeadh eolas agus taithí an tsoláthraí, a chreidiúint go mbeadh ann, de bharr sholáthar na seirbhíse nó na cóiríochta don chustaiméir, baol mór iompair nó iompraíochta atá coiriúil nó easordúil, nó baol mór go ndéanfaí damáiste do mhaoin san áit a soláthraítear an tseirbhís nó an chóiríocht.

Breithiúnas cliniciúil

Ní hionann difríocht sa chaoi a gcaitear le duine agus idirdhealú má dhéileáiltear amhlaidh leis i bhfeidhmiú breithiúnais chliniciúil i dtaca le tinneas a fháthmheas nó lena chóireáil mhíochaine.

Inniúlacht conradh a dhéanamh

Ní hionann difríocht sa chaoi a gcaitear le duine agus idirdhealú má tá an duine neamhinniúil ar chonradh infhorfheidhmithe a dhéanamh, nó ar thoiliú feasach a thabhairt agus, ar an ábhar sin, go bhfuil an difríocht réasúnach.

Éileamh a Dhéanamh

ÉILEAMH A DHÉANAMH

Má cheapann tú go ndearnadh idirdhealú ort faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann, tá ról ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus ag na cúirteanna (i gcás achomhairc) maidir le héilimh a dhéanamh faoi na hAchtanna.

Caithfear gach éileamh (seachas éilimh a bhaineann le clubanna idirdhealaitheach nó éilimh faoin Acht Deochanna Meisciúla) a chur chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre ar dtús.

Caithfear éilimh a bhaineann le clubanna idirdhealaitheacha nó éilimh faoin Acht Deochanna Meisciúla a dhéanamh leis an gCúirt Dúiche ar dtús, agus níl an dlínse ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre na cineálacha éileamh sin a fhiosrú.

Pléitear na céimeanna a bhaineann le héileamh a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre anseo thíos. Is féidir eolas níos sonraí a fháil faoin bpróiseas a bhaineann le héileamh a dhéanamh ach glaoch ar Líne Faisnéise agus Seirbhísí do Chustaiméirí an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre: Íosghlao: **1890 80 80 90**. G: **059 9178990**.



Céim 1: Fógra i scríbhinn

Ar an gcéad dul síos, caithfidh tusa (an gearánach) scríobh chuig an té faoina bhfuil tú ag gearán laistigh de dhá mhí den ghníomh idirdhealaithe deiridh agus a rá leo go bhfuil sé i gceist agat gearán a dhéanamh faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann. Is féidir é sin a dhéanamh ar Fhoirm ES1. Is féidir an fhoirm sin a íoslódáil ó shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (www.workplacerelations.ie). Nuair a fhaigheann tú Foirm ES1, gheobhaidh tú Foirm ES2 freisin. Líonann an té faoina bhfuil tú ag gearán Foirm ES2 agus tugann sé deis dóibh a ndearcadh siúd a chur in iúl faoina tharla. Caithfidh tú an dá fhoirm a sheoladh chuig an té faoina bhfuil tú ag gearán. Leagtar amach san fhógra i scríbhinn sin nádúr na líomhna agus go bhfuil sé i gceist agat, mura mbíonn tú sásta leis an bhfreagra, sásamh a lorg faoi na hAchtanna.

D'fhéadfadh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre a ordú, "ar chúis réasúnach", go sínfí an tréimhse dhá mhí go ceithre mhí. I gcúinsí eisceachtúla, d'fhéadfadh an Coimisiún sin an ceanglas dhá mhí a tharscaoileadh ar fad más deimhin leis go bhfuil sé cóir agus réasúnach sin a dhéanamh.

Ní féidir éileamh a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre gan an chéim sin a dhéanamh.

Moltar deimhniú postála a fháil ó oifig an phoist chun a chruthú gur cuireadh an fógra sa phost agus cóip den fhógra i scríbhinn a choinneáil do do thaifid féin.



Céim 2: Éileamh a dhéanamh

Mura bhfaigheann tú freagra faoi cheann mí amháin, nó mura bhfuil an freagra sásúil, ba cheart duit do ghearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre faoi cheann sé mhí ó dháta an idirdhealaithe. Féadfaidh an Coimisiún an teorainn sé mhí a shíneadh go 12 mhí “ar chúis réasúnach”.



Céim 3: Ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

Idirghabháil

Féadfaidh Stiúrthóir an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre oifigeach idirghabhála a cheapadh ag céim ar bith, le toiliú an dá pháirtí. Má chomhaontaítear réiteach trí idirghabháil, tá na téarmaí infheidhmithe le dlí.

Breithniú

Má chuireann ceachtar páirtí in aghaidh na hidirghabhála nó mura n-éiríonn leis an bpróiseas idirghabhála, cuirfear an cás faoi bhráid oifigeach breithnithe de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre lena imscrúdú agus a chinneadh.

Mura n-éiríonn leis an bpróiseas idirghabhála, eiseoidh an t-oifigeach idirghabhála fógra neamhréitigh don dá pháirtí. Más mian leis an ngearánach leanúint ar aghaidh chuig breithniú, caithfidh an gearánach scríobh chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre tráth nach déanaí ná 42 lá ó dháta an fhógra sin chun iarratas a dhéanamh ar an éisteacht a thosú arís.

Féadtar an breithniú a bhunú ar fhianaise scríofa an dá pháirtí nó d’fhéadfadh éisteacht ó bhéal a bheith i gceist leis. Eiseoidh an t-oifigeach breithnithe cinneadh atá ina cheangal de réir an dlí.

Foilseofar cinntí na n-oifigeach breithnithe ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre agus ainmnítear na páirtithe go hiondúil. Ach féadfaidh gearánach iarratas a dhéanamh ag an éisteacht go gcoinneofaí na páirtithe faoi rún. (D’fhéadfaí é sin a iarraidh i gcás ina bhfuil riocht sonrath leighis ar an ngearánach nach dteastaíonn uaidh a chur ar shúile an phobail, mar shampla.) Ach is faoi oifigeach breithnithe an ghearáin a chinneadh an gcoinneofar na páirtithe faoi rún.

Éileamh a dhíbh

Is féidir cásanna a scriosadh amach tar éis bliana má chinneann an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre nach bhfuiltear ag tabhairt fúthu.

Féadfaidh an Coimisiún éileamh a dhíbh ag am ar bith má chreidtear:

- go ndearnadh an t-éileamh de mheon mímhacánta;
- go bhfuil an t-éileamh suaibhreasach nó cráiteach;
- go bhfuil an t-éileamh aincheaptha; nó
- go mbaineann an t-éileamh le ní fánach.

Ionadaíocht agus costais

Féadfaidh gearánaigh ionadaíocht a dhéanamh orthu féin nó ionadaíocht a fháil ó dhlíodóir, ceardchumann, grúpa pobail nó ionadaí eile.

Go hiondúil, ní bhronntar costais. Féadfar costais a bhronnadh as taisteal agus speansais eile (seachas speansais ionadaithe) má chuireann duine cosc nó bac ar an imscrúdú nó achomharc.

Leigheasanna

Má chinntear i bhfabhar an té a rinne an gearán, féadfar cúiteamh suas le €15,000 san iomlán a ordú. Féadfaidh an t-oifigeach breithnithe a ordú do dhaoine beart sonracha a dhéanamh freisin.

Achomhairc

Féadfar achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Cuarda in aghaidh cinntí an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (lena n-áirítear cinntí faoi theorainneacha ama agus an t-éileamh a dhíbhne) tráth nach déanaí ná 42 lá ó dháta an chinnidh.

Forfheidhmiú

Féadfar comhaontuithe idirghabhála nó cinntí an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre nár cloíodh leo a fhorfheidhmiú tríd an gCúirt Dúiche.

Achomharc ar phonc dlí

I gcás ina ndéanfaidh an Chúirt Chuarda cinneadh faoi achomharc, féadfaidh ceachtar páirtí achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar phonc dlí.

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

COIMISIÚN NA HÉIREANN UM CHEARTA AN DUINE AGUS COMHIONANNAS

Tá sainordú reachtúil ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (an Coimisiún) cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn agus a chosaint agus oibriú i dtreo deireadh a chur le sárúithe ar chearta an duine, idirdhealú agus iompar coiscthe.

Do Chearta

Is féidir leis an gCoimisiún eolas a thabhairt duit faoi do chearta agus na réitigh atá ar fáil duit faoin dlí um chomhionannas agus cearta an duine in Éirinn. Áirítear leis sin eolas faoi:

- Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015
- Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2018
- Cosaintí Chearta an Duine a thagann faoi dhlí na hÉireann
- Na hAchtanna Deochanna Meisciúla 2003–2008
- Cearta saorghluaiseachta oibríthe san Aontas Eorpach

Tá eolas ar fáil ar ár suíomh gréasáin ar **www.ihrec.ie**. Is féidir eolas a iarraidh freisin ar an bhfón, ar ríomhphost nó sa phost:

Do Chearta

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
16-22 Sráid na Faiche
Baile Átha Cliath 7
D07 CR20

Contact:

Íosghlao: 1890 245 545
Guthán: +353 1 8583000
Ríomhphost: YourRights@ihrec.ie
Suíomh gréasáin: **www.ihrec.ie**

Tá seirbhís gutháin ag Do Chearta ag na hamanna seo a leanas:

Luan go hAoine: 9rn–1in agus 2in–5in

Áirítear leis na leabhráin eile sa tsraith seo:

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998–2015: Treoir faoi do chearta má dhéantar idirdhealú ort san ionad oibre nó i rith fostaíochta

Cúnamh Dlí

Féadfaidh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas cúnamh dlí a thabhairt don phobal i gcás imeachtaí dlí áirithe.

Caithfidh baint a bheith ag na himeachtaí dlí le hidirdhealú faoi achtacháin comhionannais nó an dlí i leith chearta an duine atá i bhfeidhm faoi dhlí na hÉireann.

Sula gcinneann an Coimisiún an féidir leis cúnamh dlí a thabhairt, ní mór dó a mheas:



- an bhféadfaí cúnamh dlí a fháil ar bhealach eile, lena n-áirítear faoin scéim um chúnamh dlí sibhialta nó um chúnamh dlí coiriúil; agus
- an bhfuil an chumhacht chun sásamh a bhronnadh nó faoiseamh a thabhairt ag binse nó duine eile, comhlacht reachtúil eile mar shampla.

Fiú má chomhlíonann iarratasóir na critéir thuasluaite, ní thabharfaidh an Coimisiún cúnamh dlí mura gcomhlíontar critéir bhreise reachtúla áirithe, lena n-áirítear mar shampla an dtarraingíonn na himeachtaí ceist prionsabail anuas nó an measann an Coimisiún go bhfuil sé míréasúnach a bheith ag súil go bpléifeadh an duine leis an gcás gan cúnamh an Choimisiúin mar gheall ar chomh casta agus atá sé.

Measfaidh an Coimisiún freisin a mhéid maoinithe atá ar fáil agus impleachtaí eile ar acmhainní nuair atáthar ag cinneadh an féidir cúnaimh dlí a thabhairt i gcás ar bith.

Ghlac an Coimisiún le treoirlínte chun iarratas a dhéanamh ar chúnamh dlí, atá ar fáil ar **www.ihrec.ie**. Tá tuilleadh eolais faoi fheidhm cúnaimh dlí an Choimisiúin sna treoirlínte sin agus faoin bpróiseas a bhaineann leis.

Mura dtugann an Coimisiún cúnaimh dlí nó mura bhfuil sé in ann é a thairiscint, féadfaidh an duine cás a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre fós. Féadfaidh gearánach ionadaíocht a dhéanamh air féin nó ionadaíocht a fháil ó dhlíodóir, ceardchumann nó ionadaí eile.



Coimisiún na hÉireann um
Chearta an Duine agus
Comhionannas

**16 – 22 Sráid na Faiche,
Baile Átha Cliath, D07 CR20**
16 – 22 Green Street,
Dublin, D07 CR20

Íosghlao/Lo-Call 1890 245 245
Guthán/Phone + 353 (0) 1 858 9601
Ríomhphost/Email info@ihrec.ie
Idirlíon/Web www.ihrec.ie
 [@_ihrec](https://twitter.com/_ihrec)